

Goitse

€1.50
Uimhir 3

COMÓRTAS
KÍLA



*Cóipeanna den CD úr SOISÍN
le Kíla le buachaint ar lch 12*



ISTIGH

An Ghaeltacht i gCroílár na Féile Lch 7

Focla Mhici Lch 14

Bronnadh Gradam Phobalscoil Ghaoth Dobhair Lch 8

Cúrsaí céime ag mealladh mná na Gaeltachta Lch 6

An raibh tú ag an Chabaret? Lch 5

FÓGRAÍ POBAIL Lch 15

Blag na mBuataisí Lch 11

Spórt Lch 16

Coláistí Samhraidh an cheantair inníoch faoi thitim i líon a scoláirí

Cruachás na gColáistí

Tá sé soiléir anois go bhfuil cuid de na coláistí samhraidh sa taobh seo tíre i dtrioblóid maidir leis an líon scoláirí a bheas ag freastal ar a gcuid cúrsaí thar an samhradh.

Tá ar a laghad ceann amháin atá anois ag reachtáil cúrsa amháin in áit an trí chúrsa a bhí beartaithe agus tá na huimhreacha thíos ar an bhliain anuraidh i gcuid eile acu.

De réir duine de na ceannairí i gColáiste Bhun na Leaca, ní bheidh ach cúrsa amháin acu i mbliana agus deir sí go mbeidh na cúrsaí eile a bhí beartaithe curtha ar ceal.

Níl amhras ar bith ann ach go mbeidh impleachtaí ag an chinneadh sin ar

mhuintir na háite.

Ní amháin go raibh 10 duine fostaithe ag an choláiste seal an tsamhraidh ach bhí mná tí, comhlachtaí bus agus siopaí áitiúla ag brath ar an airgead a thig isteach ón choláiste thar an tréimhse seo.

Níl an scéal chomh dona céanna i gcuid de na coláistí eile, cé go ndeir siad go bhfuil na figiúirí thíos ó anuraidh. Ach dúirt urlabhraí do Choláiste Bhríde i Rann na Feirste go bhfuil an chéad dhá chúrsa acu líonta agus go bhfuil siad dóchasach go mbeidh an scéal céanna amhlaidh leis an tríú ceann i mí Lúnasa.

Ní seo an chéad uair a bhí trioblóidí mar seo ag na coláistí samhraidh.

Bhí an bhliain aba mheasa acu i 1989,

níos measa na mar atá i mbliana, agus tháinig siad fríd.

Ach is iad na coláiste is nuabunaithe is mó atá thíos leis an chúlú airgeadais anois.

Níl Coláiste Bhun an Inbhir ag gabháil leath chomh fada le Coláiste Mhachaire Rabhartaigh, an choláiste eile atá faoi choimirce Ghael Linn agus tá difear mór idir an dá áit.

Tá gach cúrsa ag gabháil ar aghaidh i Machaire Rabhartaigh agus tá cúrsa amháin curtha ar ceal i mBun an Inbhir.

Tá roinnt coláistí ag caint cheana féin ar athruithe a dhéanamh do na cúrsaí le iad a dhéanamh níos tarrantaí do thuismitheoirí.

Dúirt ceannaire Choláiste na Rosann in Anagaire go raibh siadsan ag smaoin-eamh ar cúrsaí coicise a reachtáil ar an bhliain seo chugainn in áit na gcúrsaí trí seachtainí atá acu fá láthair. Dar leo go mbeadh siad in ann iad sin a sholáthar ar chostas €600-€700 in áit an €900 de chostas atá ar na cúrsaí níos faide.

Níl dabht ar bith ann go mbeidh dúshláin eile roimh na coláistí samhraidh.

Mar shampla, tá líon na scoláirí atá ag teacht as na Sé Chontae ag titim de réir a chéile agus caithfear aghaidh a a thabhairt air sin.

Ach níl deireadh leo go fóill agus tá an chuma air go mbeidh coláistí samhraidh linn ar feadh fada go leor eile.



Ceiliúradh na hÁislainne: Áine Ní Bhaoill faoi agallamh ag Michelle Nic Grianna, Raidió na Gaeltachta, ag ócáid cheiliúrtha thógáil Áislann Rann na Feirste, ar na mallaibh. (Tuilleadh grianghraif ar lch 2)



Coiste Áislann Rann na Feirste: Nóra Uí Ghrianna, Dónall Mac Grianna, Bríd Uí Dhónaill, Donnchadh Ó Duibheannaigh, Síle Uí Dhochartaigh, Jim Ó Dónaill, Stíofán Ó Dónaill agus Tony Mac Ruairí.
Grianghraf: Eoin Mc Garvey

Ceiliúradh ar obair thógála Áislann Rann na Feirste



Fannaí Dónaí Nic Ruairí lena beirt iníon, Máire Nic Giolla Chomhail agus Róisín Nic Giolla Chearra ag ócáid cheiliúrtha na hÁislainne



Scoláirí ó Scoil Rann na Feirste ag ócáid cheiliúrtha Áislann Rann na Feirste



Sadhbha Ní Bhaoill agus Nicola Ní Bhaoill



Sarah Ní Cholla agus Maria Uí Chaomhnaigh



Cissie Mhaggie agus a iníon Aoife i gcuideachta Feda Ó Dónaill



Mary Uí Dhónaill, Sarah Rua Uí Ghrianna agus Bríd Nic Giolla Bhríde



Mia Nic Ruairí, Áine Ní Bhaoill agus Alyssa Ní Shúilleabháin ag guí gach rath ar an Áislann.



(Thuas:) Bríd Anna Ní Bhaoill, a chur suíomh Áislann Rann na Feirste i bPáirc Sheáin Néill, ar fáil, i gcuideachta roinnt páistí áitiúla (Thuas ar dheis:) Sarah agus Owenie Mac Eamharcaigh



Maighréad Richardson, Rosie Uí Dhónaill agus Máire Uí Shearcaigh ag ceiliúradh Áislann Rann na Feirste.



Anne Uí Dhónaill, Bríd Uí Dhónaill

Tuilleadh grianghraf le feiceáil ag www.emgphotos.com

Micheál agus Odhrán ag blaiseadh de cheiliúradh na hÁislainne

Glanadh Abhainn Ghleann Átha

Rinne Údarás na mBóithre Náisiúnta na crainn agus an fás uilig thart ar an droichead i nGort a' Choirce a ghearradh siar ar an Mháirt 8 Meitheamh. Rinne siad obair ar dóigh ach ar an drochuair nocht siad an bruscar uilig a bhí caite san abhainn.

Chuaigh triúr ball ón ghrúpa timpeallachta MEAS Iarthuaisceart as Gort a' Choirce agus ghlan siad an abhainn sna laethanta dár gcionn. Líon siad ar a laghad dosaen málaí le bruscar.

Tá an áit ag amharc i bhfad níos deise dá bharr agus táthar ag súil go gcoinneofaí mar sin é.

Buíochas mór do Cordelia, Aoife agus Valentina.



Loscadh sléibhe ar bhealach ché an Bhun Bhig

Bhí tine mhór eile i bParóiste Ghaoth Dobhair thar dheireadh na seachtaine 26-28 Meitheamh.

Thoisigh an tine ar thaobh an bhealaigh mhóir go dtí Cé an Bhun Bhig tráthnóna Dé hAoine 25ú agus chuaigh Briogáid Dóiteáin Ghaoth Dobhair lena mhúchadh.

Bhí acu le pilleadh cúpla uair nuair a chreid siad go raibh sí as ach gur thoisigh sí ar ais.

Maidin Dé Domhnaigh, thart ar 11.00rn a ba mheasa an tine agus bhí ag Briogáid an Chlocháin Léith teacht a chuidiú le muintir Ghaoth Dobhair.

Fiú ansin, bhí acu le teacht ar ais mar gur thoisigh na bladhairí arís oíche Dhomhnaigh agus bhí sé 2.00 ar maidin Dé Luain sular chríochnaigh siad.

Maidin Dé Luain, thoisigh an tine arís agus bhí ceithre inneal dóiteáin, beirt as Gaoth Dobhair agus beirt as an Chlochán Liath, á troid go dtí 6.00 tráthnóna.

Dúirt Gerry Ó Gallchóir, an

fear a bhí i gceannas an tine a mhúchadh go raibh an talamh sa cheantar iontach tirim i ndiaidh na tréimhse aimsire a bhí agann gan fearthainn ar bith agus nach raibh an ghaoth láidir ag tabhairt chuidithe ar bith dóibh agus iad ag iarraidh an tine a chur faoi smacht.

Mhínigh sé fosta go raibh sé contúirteach ag lucht múchta tinte uisce a fháil fhad leis na bladhairí san oíche thar an talamh garbh nuair a bhí toit achan áit.

Bhí an Bhriogáid Dóiteáin iontach gnoitheach i mbliana ó bhí Lá Fhéile Pádraig ann.

Bhí tinte móra cheana féin i gCois Cláidí, ar an Dúchoraidh agus fá Ghaoth Beara i mbliana agus ba é an aimsir thirim a ba mhó a ba chúis leo.

Mhol Ó Gallchóir do dhaoine bheith cúramach le toitíní agus le luaitheach agus dúirt sé nár chóir do dhaoine fanacht go dtí go raibh an tine lasta mar is ceart le gaoch ar an Bhriogáid má shíl siad go raibh sí ag dul as smacht.

Comhar Creidmheasa Ghaoth Dobhair Teo.

Na Doirí Beaga, Leitir Ceanainn
074-9531279, 9532783, 9532784
Ríomhphost: ccgd@eircom.net

Fo-oifig: An Fhál Carrach
074-9165274
Suíomh idirlín: www.ccgd.ie

Comhghairdeas agus Ádh Mór le Goitse

Féach ár rátaí isle úis	
GnáthRáta:	9.5%
Ráta Cairr:	6.75%
Ráta Feistigh	6%

Íasachtaí déanta furast in atmaisféar chairdiúil le foireann chuidiúil

Foscailte don phobal 6 lá na seachtaine

Príomhoifig	Fo-oifig
Luan go hAoine 9.00rn – 5.00in	Máirt go Déardaoin: 10.00rn – 4.00in
Satharn 10.00rn – 4.00in	Aoine: 10.00rn – 5.00in
	Satharn 10.30rn – 3.00in

Don Mhargadh is fearr – níl níos fearr le fáil
You no longer have to dream – CU at your place

Forbairt Pobal Teanga Cultúr

Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair,
Doirí Beaga
Co. Dhún na nGall
Teil: (074) 9560100
Facs: (074) 9560101

e: eolas@udaras.ie

w: www.udaras.ie

Údarás na Gaeltachta

Eagarfhocal

Nach méanair dúinn ag an am seo den bhliain! Tá an chuma air go mbeidh samhradh iontach againn agus tá sé sin tuillte go maith againn. Ach, mar atá tuairiscithe sa pháipéar, is am contúirteach é fosta. Bíonn an talalmh tirim agus lasfaidh sé iontach gasta má tá splainc ar bith solais ann. Chonaic muid sin ar fud na contae le goirid agus, cé nach féidir leis an Bhriogáid Dóiteáin caidé a ba chúis leis na tinte móra, is dócha gur toitín caite amach as carr ar an fhéar ar thaobh an bhealaigh mhóir a

chuir tús le cuid acu.

Tá sé contúirteach fosta luaithreach a chaitheamh amach má tá teas ann go fóill, go háirithe má tá gaoth ar bith ann.

Is laochra iad na fir agus na mná as an Bhriogáid Dóiteáin nach dtugann formhór na ndaoine aird ar bith orthu go dtí go bhfuil siad i gcrúachás. Ach bíonn siad ansin i dtólamh, réidh le gabháil isteach sa bharna baoil ar ár son.

Seo an t-am den bhliain fosta ina mbíonn na cuairteoirí ag tarraingt ar an cheantar seo

do na laethanta saoire agus nuair atá scoláirí ag freastal ar na coláistí samhraidh. De réir cosúlachta, níl caill ar an méid daoine atá ag fanacht in Éirinn in áit gabháil thar sáile i mbliana agus sin rud maith do na gnónna thart anseo atá ag brath orthu.

Ach tá cuid de na coláistí i dtrioblóid, go háirithe na cinn a d'oscail le goirid. Ní hionann sin is a rá go bhfuil siad uilig ar tí druidim, mar a shíl roinnt daoine seachtain nó mar sin ó shin ach is drochscéala é do na daoine atá ag brath ar na

scoláirí le iad a choinneáil ag gabháil.

Nach mór an trua nach féidir gnó níos seasmhaí a thioseacht, bunaithe ar an Ghaeilge ach a mhairfeadh i rith na bliana, mar a tharlaíonn i nGleann Cholm Cille. Níl amhras ar bith ann go bhfuil fás iontach sa méid daoine atá ag cur a gcuid páistí chuig Gaelscoileanna sa Ghalltacht agus na tuismitheoirí ar bheagán Gaeilge. Shílfeá go raibh féidireachtaí ann do ghnó inteacht dianchúrsaí a reachtáil dóibh siúd sa Ghaeltacht, áit a

dtiocfadh leo gach gné de shaol nádúrtha Gaelach a fheiceáil.

Tá dream amháin ag teacht ar cuairt anseo ag deireadh na seachtaine seo, agus muid ag gabháil i gcló. Tá Tionól na Gaeltachta de chuid Chonradh na Gaeilge á reachtáil i nGaoth Dobhair agus i dToraigh agus beidh díospóireacht iontach suimiúil in Óstán Ghaoth Dobhair tráthnóna Dé Sathairn ar 8.30in dar teideal "Céard is Gaeltacht sa 21ú aois?"

Cuirimid fáilte roimh na cuairteoirí agus roimh an díospóireacht.



Gradaim ríoga: Bronntar gradam mórghnímh saoil ar Phatsy Dan Mac Ruairí agus ar Phól Mac Ruairí ag Féile na mBoscaí ar Oileán Thoraí.

Féile na mBoscaí ar Oileán Thoraí

Bhí na céadta daoine istigh i dToraigh thar dheireadh seantaine saoire bainc mhí Meithimh le freastal a dhéanamh ar an fhéile ceoil "Féile na mBoscaí".

Reachtáladh an fhéile sin don uair dheireanach sa bhliain 1992 agus rinneadh í a chur ar bun arís le tábhacht cheol agus ceoltóirí Thoraí do cheol na tíre seo a cheiliúradh agus le léiriú go bhfuil meas ag ceoltóirí na hÉireann ar an dóigh a choinnigh ceoltóirí an oileáin ceol an bhosca beo sna seisiúin agus sna céilídeanna.

Rinne Rónán Mac Aodha Bhuí as RTÉ Raidió na Gaeltachta an fhéile a oscailt le linn craolacháin beo dá chlár "Rónán Beo @ 3" ón Chlub Sóisialta tráthnóna Dé hAoine. Bhí ceoltóirí agus amhránaithe de gach aois ón oileán páirteach sa chlár agus, ina dhiaidh, thug boscadóirí as gach carn

den tír taispeántas den chuid is fearr den cheol bosca. Ina measc, bhí na ceoltóirí bosca Mark Sweeney agus Dave Eadie.

Dé Sathairn thaistéal an Cabaret Craiceáilte thar sáile don chéad uair óna bhaile dúchais i dToigh Hiúdaí Bhig ar an Bhun Bheag.

I measc na gceoltóirí a bhí ag bualadh ar an oíche bhí Ciarán Ó Maoínigh, Doimnic Mac Giolla Bhríde, Brid Ní hÍcí, Willie Beag Mach Giolla Bríde, Niall Hackett agus Máire Collum a bhíonn ar an ardán go rialta ag an Chabaret. Mar is gnách ag an Chabaret, bhí Rónán Mac Aodha Bhuí ina fhear a' toigh don oíche agus i rith na hoíche bronnadh gradam ar Patsy Dan Mac Ruairí agus ar Phól Mac Ruairí as ceol an oileáin a chur chun cinn.

Chuir aimsir álainn dheireadh na



Boscadóirí: Hugh as Béal Feirste agus Niall Hackett ag bualadh boscaí ceoil ag an fhéile ceoil traidisiúnta a reachtáladh ar Oileán Thoraí ar na mallaibh.

seachtaine le hatmaisféar na féile agus d'éirigh sé níos galánta arís nuair a chuaigh bádaí Chumann Luaimh Lios Fionnáin (Lisfannon Yacht Club) thart ar an oileán.

Bhí ceol na mboscaí le cluinstitín ar fud an oileáin Dé Domhnaigh nuair a thoisigh seisiún ollmhór agus céilí ar an tsráid taobh amuigh den óstán.

Bhí scaifte mór fosta ag an chéilí

mór oíche Dhomhnaigh, agus an ceol á sholáthar ag an chuid is fearr de cheoltóirí an oileáin chomh maith le cuairteoirí clúiteacha. Is fada an lá ó bhí a leithéid de oíche ar Thoraigh.

Cabaret Craiceáilte i dTeach Hiúdaí Bhig



Baill den ghrúpa Na McGetigans ag bualadh ceoil ag an Cabaret Craiceáilte i nGaoth Dobhair ar na mallaibh



Baill den ghrúpa An Modh Díreach roimh dul ar stáitse an Chabaret Craiceáilte dóibh,



Niall Hackett ag bualadh ag an Chabaret



Ciarán Mac Feilimí ar stáitse an Chabaret Craiceáilte



COMÓRTAS KILA

Tá cóipeanna den dlúthdhiosca úr Soisín leis an sárghrúpa Kila le bronnadh ag Goitse ar léitheoirí ádhúla!
Níl le déanamh ach d'ainm agus seoladh a chur chuig:
goitsenuacht@gmail.com
le go n-árófaí sa chomórtas tú!



Cúrsa céime ag mealladh mhná na Gaeltachta

'Obair ó chrích, obair bhean tí!' a deir an seanfhocal. Le blianta beaga anuas, tá níos mó ban ag glacadh níos mó ról orthu féin; tógáil clainne, tíos, obair pháirtaimseartha agus cúrsa oiliúna/acadúil nó dhó ag an am céanna! Is léir go bhfuil roinnt ban ar an chúrsa BA i Riarachán Gnó i nGaoth Dobhair breá compordach le bheith 'ag iltascáil' (multitasking)!

Tá Treasa Ní Ghallchóir ag réachtáil Atlantic B&B in aice leis an Fhál Charrach. Tá sí díreach i ndiaidh an chéad bhliain den chúrsa céime a dhéanamh agus tá sí breá sásta lena dul chun cinn:

"Tá mise breá cleachtaithe le réimse rudaí a dhéanamh ag an aon am amháin. Tá an dóigh a bhfuil an cúrsa



Tá Treasa Ní Ghallchóir, réachtáil B&B in aice leis an Fhál Charrach, díreach i ndiaidh an chéad bhliain den chúrsa céime a dhéanamh.

abhaile ón scoil. Tá ábhar an chúrsa ag cuidiú go mór liom i mo ról mar bhean ghnó fosta."

Mic léinn eile a chruthaíonn go bhfuil mná breá ábalta 'iltascáil' a dhéanamh ná: Eibhlín Nic Giolla Bhríde, Aisling Ní Ghallchóir agus Anna Ní Mhaonaigh. Tá an triúr acu ábalta an staidéar lánaimseartha a láimhseáil sa bheis ar obair pháirtaimseartha agus/nó cúraimí clainne. Réachtáil Eibhlín a siopa bláthanna féin 'Bláthanna Eibhlín' le blianta ach bhí sí ag iarraidh a slí bheatha a athrú agus céim a fháil:

"Tá mé sásta gur thoisigh mé an BA i Riarachán Gnó i Meán Fómhair anuraidh. Gidh gur cúrsa lánaimseartha atá ann bím ábalta neart ama a chaitheamh le m'iníon, Jean, atá trí bliana d'aois. Tá mé ag obair fá choinne cáilíocht tríú leibhéal anois; tugann sé sin spreagadh mór dom. Nuair a bhainfidh mé an céim seo amach foscóidh sí neart doirse dom!"

Chaith Aisling Ní Ghallchóir roinnt blianta ag obair i Meiriceá, áit ar chuir sí snas ar a 'scileanna iltascála!' Tá sí ag obair mar chúntóir teanga ar bhonn páirtaimseartha anois agus í ag staidéar le haghaidh na céime onóracha i Riarachán Gnó:

"Bhí iontas orm cé chomh gasta agus a d'éirigh mé cleachtaithe le hoideachas tríú leibhéal i Meán Fómhair anuraidh. Oireann an clár ama dom. Siocair nach mbíonn ranganna ar bith ann san iarnóin, bím ábalta bheith sa bhaile nuair a thig mo



Mic léinn ag ceiliúradh taobh amuigh d'Ionad an Acadamh i nGaoth Dobhair



Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaoth Dobhair.

seo leagtha amach iontach fóirsteanach dom. Críochnaíonn na ranganna ag am lóin gach lá. Ciallaíonn sé sin go dtig liom bheith sa bhaile san iarnóin nuair a thig m'iníon, Seosaimhín,

mhac, Mícheál, abhaile ón bhunscoil."

Tá Anna Ní Mhaonaigh iontach gníomhach i saol an léiriúcháin teilifíse. Tá sí breá ábalta an staidéar lánaimseartha a mheascadh lena cuid oibre páirtaimseartha:

"Tá an cúrsa seo dírithe ar riachtanais na mac léinn. Tá an clár ama agus an fhoireann iontach solúbtha. Tá lúcháir orm go bhfuil mé ábalta staidéar fá choinne céime agus fós a bheith ábalta rudaí eile a dhéanamh. Lena chois sin, tá mé ábalta am a

chaitheamh le m'iníon, Róise, atá ina déagóir. In amannaí, bíonn muid ag staidéar le chéile sa tráthnóna!"

Is mná iad formhór na mac léinn ar an BA i Riarachán Gnó. Tá cúraimí clainne agus poist pháirtaimseartha ag an chuid is mó acu ach níl sé sin ag cur bac ar bith orthu. Tá an cúrsa solúbtha seo á réachtáil ag OÉ, Gaillimh i gcomhar le LYIT.

Más rud é gur mhaith leat sampla na mban seo a leanúint, déan teagmháil leis an Acadamh ar (074) 95 31919.



lyit

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanaínn
Letterkenny Institute of Technology



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Ar mhaith leatsa céim ollscoile a bhaint amach?



Cad faoin BA i Riarachán Gnó a dhéanamh i nGaoth Dobhair?

- **Clár ama solúbtha;** ranganna ar maidin, saor san iarnóin!
- **Grúpaí beaga;** timpeallacht mhaith foghlama.
- **Foireann dhíograiseach;** aiseolas tugtha ar bhonn rialta.
- **Trealamh ardteicneolaíochta;** na pacáistí bogearraí is déanaí.
- **Ábalta fanacht sa bhaile;** costas íseal maireachtála.
- **Lonnaithe sa Ghaeltacht;** caomhnú na Gaeilge.
- **Saor ó tháillí;** cáilíocht tríú leibhéal gan na fiacha!
- **Deiseanna fostaíochta;** tá níos mó deiseanna ag céimithe dátheangacha.
- **Aitheanta ag an Chomhairle Mhúinteoireachta.**
- **Staidéar thar lear nó taithí oibre i mBliain 3.**

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin chúrsa, déan teagmháil leis an Acadamh:

Guthán: (074) 95 31919
Ríomhphost:
gaothdobhair@eircom.net
Láithreán Gréasáin:
www.acadamh.ie



Gaeltacht Dhún na nGall i gcroílár na Féile

Gach bliain, eagraítear clár leathan ilghnéitheach d'imeachtaí ealaíne i nGaeltacht Dhún na nGall mar chuid de chlár Fhéile Ealaíon an Earagail. I mbliana, tá breis agus 20 imeacht Gaeltachta ar

chlár na féile agus is léir go bhfuil an Ghaeltacht mar chuid lárnach agus thábhachtach den fhéile.

Dúirt Micheál Mac Aoidh, áisitheoir ealaíne le hEalaín na Gaeltachta, a thugann tacaíocht

do na himeachtaí Gaeltachta sa fhéile, go gcuireann na himeachtaí ealaíne Gaeltachta go mór leis an aitheantas atá bainte amach ag Féile an Earagail thar na blianta.

"Is iontach an rud é", dar le

Micheál Mac Aoidh, "go bhfuil an Ghaeltacht mar bhunchloch na féile i mbliana agus go bhfuil an stad agus seasamh céanna ag na himeachtaí Gaeilge is atá ag na himeachtaí Bhearla. Is fianaise é seo ar an saibhreas

cultúrtha agus ealaíne atá againn sa Ghaeltacht agus léiríonn sé an fiúntas a bhaineann leis na healaíona Gaeltachta. Is rud beo, bríomhar iad" a dúirt an áisitheoir ealaíne.

I measc na n-imeachtaí a bheas ar siúl sa Ghaeltacht, beidh drámaí, filíocht, taispeántais fhísealaíne, cosán dealbha, ceardlann ealaíona do pháistí, scéalaíocht, féile ar Oileán Thoráí agus go leor eile.

Imeachtaí

Soilsiú Thoráí - Féile Ealaíne ar Oileán Thoráí

3-18 Iúil

Tá borradh mór tagtha faoi Soilsiú Thoráí, an fhéile ealaíne a eagraítear ar an oileán gach bliain. Is é an príomhchuspóir atá ag an bhféile ná ceiliúradh a dhéanamh ar éagsúlacht, ar spiorad, ar mheánma agus ar uathúlacht ealaíne an oileáin. Déantar cumasc agus nasc idir an sean agus an nua. Féile illghnéitheach, illdánach atá beartaithe don bhliana seo. I measc imeachtaí na bliana seo, beidh ceolchoirm le Duke Special, ceol traidisiúnta, drámaíocht sráide, lá teaghlaigh, damhsa agus amhránaíocht ar an tsean-nós, scéalaíocht chomh maith le himeachtaí ealaíne de gach cineal. Reachtálfar rása currach agus gan dabht beidh an iomaíocht thar a bheith gearr!!!

Taispeántas Lonnir leis an Cosán Glas

17-18 Iúil

Trá Machaire Rabhartaigh
10 i.n. go meánoiche. Saor in aisce.

Ar trá Machaire Rabhartaigh, i gcroílár na ndumhcha móra le sléibhte maorga Thír Chonaill mar chúla, agus i bhfoisceacht fiántas na farraige móire, éireoidh dealbha ealaíonta aníos, iad daite agus lasta, chun mearbhall agus iontas a chur ar na ceáda daoine a bhaileoidh ar thrá Machaire Rabhartaigh. Leagfar na dealbha amach ar chosán 3.5km ar fhad agus cuirfidh áilneacht na ndéalbh seo an lucht

féachana faoi gheasa. Cuirfear fuaimeanna agus íomhánna fisíúla leis na dealbha, rud a ardóidh suntas agus iontas an lucht féachana. Déanfaidh 12 ealaíontóir Gaeltachta na dealbha le cabhair ó pháistí áitiúla. Is ceann de bhuaichphointí na féile is ea Loinnir.

Réachtálfaidh An Cosán Glas sraith ceardlanna ealaíne agus dealbhóireachta do pháistí, Cois Fharraige, ar feadh seachtaine. Beidh na ceardlanna ar siúl ón Luain 5ú Iúil go dtí an Aoine 9ú Iúil.

Trad Tráthnóna le Tionscnamh Lugh

6 Iúil, 8.30 i.n. Ionad Cois Locha

Tráthnóna de cheol agus d'amhránaíocht thraidisiúnta le roinnt buaiteoirí Chomórtas an Oireachtais 2009, Doimnic Mac Giolla Bhríde, buaiteoir Chorn Uí Riada ina measc.

Cónaitheacht Altan

Dé Domhnaigh 11 Iúil. 8.30 i.n.
Ionad Cois Locha

Ceolchoirm mhór a d'eascaigh as tionscnamh fíor spéisíúil. Rinne Altan agus scoth de cheoltóirí an Jar-Thuaiscirt ceardlanna le dálaí scoile i seacht gcinn de na meánscóileanna i dtoghcheantar na nGleanntaí. Seinnfidh Altan i dteannta Ceolfhoireann RTÉ agus mórcheoltóirí aitheanta.

Imramh Teelin

Dé hAoine 17 Iúil. 8.30 i.n. Halla an Pharóiste, Gort a Choice.

Ceolchoirm a d'eascaigh as tionscnamh ilchultúrtha idir ceoltóirí as Éireann agus ceoltóirí as na tíortha lochlannacha. Seinnfidh



Máiréad Ní Mhaonaigh, Altan

Teresa Kavanagh as Gort a Choice sa cheolchoirm seo i gcuideachta Joleen Mc Laughlin as Dún na nGall agus ceoltóirí ón Ioslann agus an Ioruaidh. Seinnfidh siad piosa ceoil bunaithe ar na hImramh a rinneadh idir Éireann agus na tíortha Lochlannacha fadó. Cumadh an ceol go speisialta don ócáid.

Fibín - An Rón Dall

Dé hAoine 16 Iúil 8i.n. An Clachán, Óstán na Cúirte, Gaoth Dobhair.



Scéal traidisiúnta faoi rón á insint trí na hamharcealaíona, an ceol agus an scéalaíocht. De réir mar a léann Darach Ó Tuairisc (Ros na Rún) an scéal, cuireann an ceoltóir iomráití Vinnie Kilduff (a sheinn le U2 agus na Waterboys) fuaimrian galánta ar fáil agus déanann an t-ealaíontóir Dara McGee sraith olaphictiúr a théann leis an scéal beo ar an láthair.

Aintín Searlás

le hAisteoirí Ghaoth Dobhair An Grianán, Leitir Ceanainn. Dé Sathairn 17 Iúil, 8.00 i.n.

Dráma grinn trí mhír, ceann de na scigdhramaí is fear a scríobhadh riamh! Stiúradh ag Tomás Mac Giolla Bhríde.

Ó Bhéal go Béal

Scoil Náisiúnta Mhín na Manrach, An Clochán Liath, 16 Iúil, 7 i.n.

Oíche den scoth de scéalaíocht, amhránaíocht agus damhsa leis na seanchaithe is fearr i nDún na nGall, laochra atá báite sa traidisiún agus oidhreacht saibhir cultúrtha ina ngleic.

Filíocht ar an Loch le Louis De Paor

Ionad Cois Locha. Dé Sathairn 17 Iúil, 8.00 i.n.

Curtha i láthair ag an Ciorcal Scríbhneoireachta, Gaoth Dobhair. Léifidh an file Louis dePaor cuid dá

dánta le linn turas báid ar Loch Dhún Lúiche. Fágfaidh an bád Ionad Cois Locha ar 8.00 i.n.

Ceardlann le Louis de Paor

Ionad Cois Locha. 17 Iúil, 2.30 i.n.

Ceardlann filíochta agus gearrscéalta leis an bhfile iomráiteach Louis de Paor.

Scoil Idirnáisiúnta Cló

Cló, Mín an Leá, Gort a Choice. 3-17 Iúil

Scoil Samraidh amharcealaíne a thugann árdán agus deis d'ealaíontóirí as gach cearn den domhain agus do phobal na Gaeltachta teacht le chéile lena gcuid smaointe agus inspioráid a roinnt. Ranganna, ceardlanna, taispeántais agus go leor eile.

An Clachán

- Buail leis na Ceardaithe agus na hEalaíontóirí

An Clachán, Dámhlann Ealaíne, Óstán na Cúirte, Gaoth Dobhair 3-17 Iúil

Deis foghlaim ó na healaíontóirí agus ceardaithe atá lonnaithe sa ionad ealaíne atá ag An Clachán.

Taispeántas le Maurice Galway

4 Iúil - 31 Lúnasa.

An Gailearaí, An Fál Carrach

Coimisiún speisialta. Cuireann an t-ealaíontóir Gaeltachta, Maurice Galway, a shaothar, 'Ag triomiú sa Bháisteach' ar taispeánt. Líníocht shimplí, físeáin agus léargas ar shaol an ealaíontóra.

Lá Bronnadh Gradam Phobalscoil



Gradam Scléipe: Rosie Nic Gairbheith leis an ghradam a bhuaidh sí ag comórtas náisiúnta Scléip 2010



Scoláire na Bliana (Cailín): Bridín Ní Mhaoldomhnaigh, Srath Máirtín, ag fáil a gradam ó Mhairéad Ní Mhaonaigh agus Uinseann Ó Breisleáin, Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta.



Sár-pheileadóir: Margaret Mary Mhic Suibhne ag bronnadh Corn Hugh Sweeney ar Odhrán Mac Niallais. Bronntar an corn ar an Imreoir Sinsearach is fearr sa Pheil Ghaelach ar an scoil achan bhliain i gcuimhne ar Hugh Sweeney a fuair bás go hóg i 2008.



Curaidh cispheile: Foireann Cispheile na gCailíní i bPobalscoil Ghaoth Dobhair a bhuaidh an Comórtas Cispheile do chailíní i nGaelscoileanna i 2009/10, le Uinseann Ó Breisleáin, Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta agus Mairéad Ní Mhaonaigh, an t-aoi speisialta ag Bronnadh na nGradam sa scoil.



Imreoirí na bliana sa Spórt: Seosamh Ó Gallchóir (Rugbaí); Jessica Ní Bhrádaigh (Cispheil); Midhe Ní Bhaoill (Rugbaí); Danny Mac Gairbheith (Gailf).



Lúthchleasaithe na bliana: Tiarnán Ó Deagha, Tara Ní Dhomhnaill, Cian Ó Maolagáin, Caroline Ní Shearcaigh, Seosamh Ó Gallchóir.



Ar stáitse: Antoin de Blárach a fuair 3 dhuais aisteoireachta i rith na bliana. Fuair Antoin an t-aisteoir tacaíochta is fearr ag Féile Bhalor, an t-aisteoir is fearr ag Féile Uladh agus an t-aisteoir is fearr ag an Fhéile Náisiúnta Scoilríomáíochta.



Ar an aer: Foireann an Chláir Raidió 'Idir Muir agus Sliabh' (Clár fá Ghaoth Dobhair) a fuair an dara háit sa Chomórtas Náisiúnta Chláir Raidió Ghael Linn/RTÉ Raidió na Gaeltachta ag bronnadh na ngradam sa scoil i gcuideachta Uinseann Ó Breisleáin, Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta agus Mairéad Ní Mhaonaigh, a bhronn na gradaim: Caoimhe Nic Giolla Chóill, Louise Nic Aoidh, Caoimhe Nic Phóidín, Claire Ní Bhaoill, Eva Ní Dhoibhlínn, Rosie Nic Gairbheith.



Sár-scoláirí: Na scoláirí ab' fhearr a d'éirigh leo san Teastas Sóisearach i 2009: (ar cúl) Oisín Ó Maoldomhnaigh agus Cian Ó Luachra; (chun tosaigh) Anna Bheáid, Róisín Nic Phóidín agus Danielle Nic Phóidín.



Réalta sacair: Foireann Sacar sinsearach Pobalscoil Ghaoth Dobhair a bhuaidh Corn Uladh agus a bualadh ar chiceanna pionóis i gCluiche Leath Cheannais na hÉireann (B). Ba é Emmet Mac Aoidh bainisteoir na foirne.

Ghaoth Dobhair



Bronntanas ó na Scoláirí: Scoláirí na Bliana, Denis Ó Fearraigh, Simon Mac Giolla Easpaig agus Brídín Ní Mhaoldomhnaigh ag déanamh bronnadh ar Mhairéad Ní Mhaonaigh ag Bronnadh na nGradam i bPobalscoil Ghaoth Dobhair, le Príomhoide na Pobalscoile, Noel Ó Gallchóir.

Máistreás ceoil: Mairéad Ní Mhaonaigh i mbun seinme agus ceoil ag Bronnadh na nGradam.



Scléip is rince: Foireann an ghrúpa rince ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair a ghlac páirt i Scléip 2010 i mBaile Átha Cliath. Christina Ní Luachra, Caoimhe Nic Giolla Chóill, Caoimhe Nic Pháidín, Laura Ní Lochlainn agus Louise Nic Aoidh.

Buaiteoirí Grand Prix: Tomás Mac Giolla Bhríghde le foireann an drama 'Teach na mBocht', Jack Ó Gallchóir, Antoin de Blárach agus Emma Ní Fhóruisce ag Bronnadh na nGradam i bPobalscoil Ghaoth Dobhair le Mairéad Ní Mhaonaigh, an t-aoi speisialta. Fuair siad Grand Prix, Príomhdhuais Scléip 2010 i mBaile Átha Cliath.



Ildáthair: Scoláirí ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair a fuair teastaisí tinrimh agus nár chaill lár ar bith ón scoil i 2009/10.

Barr an Rang: Ag Bronnadh na nGradam bhí na scoláirí a b'fhearr ar éirigh leo san Ardeist 2009: (ar cúl) Anna Bheáid (dá deartháir Manus); Jamie Ó Raghallaigh (dá dheirfiúr Eilís); Bernadette Ní Ghallchóir (do Ciarán Ó Gallchóir); Áine Ní Cholla; Philomena Ní Earcáin; Stuart Mac Pháidín; Anne Mc Gonagle (dá iníon Helen); Bríd Uí Ghallchóir (dá iníon Mary); Eileen Uí Fhearraigh (dá mac Shaun) agus (chun tosaigh) deartháir agus deirfiúr Ní Chnámhsí (dá ndeirfiúr Róisín)



Cúl: Foireann Sacar na Chéad Bhliana i bPobalscoil Ghaoth Dobhair a bhuaidh Craobh an Chontae sa Sacar i 2010 ag Bronnadh na nGradam sa scoil. Ba Tomás Ó Gallchóir bainisteoir na foirne.

Gradam Baince: Scoláirí ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair ar bronnadh gradam Bhanc na hÉireann ag Bronnadh na nGradam sa scoil: (ar cúl) Caroline Ní Shearcaigh (Spórt); Kellie Nic Suibhne (Ealaín); Deirbhla Nic Giolla Chomhaill (Ealaín); Róisín Nic Pháidín (don Idirbhliain as a saothar le 'Tobar'); Rachel Nic Aoidh (Spórt); Áine Nic Suibhne (Acadúil). (Chun tosaigh) Alannah Ní Dhúgáin (don ghrúpa 'Chun na Farraige Síos'); Simon Mac Giolla Easpaig (Obair Pobail); Seán mac Giolla Chóill (Fiontraíocht); Brídín Ní Ghallchóir (Acadúil).

Sceideal an tSamhraidh ar Raidió na Gaeltachta

Tá an samhradh buailte linn agus tá sceideal nua le cloisteáil ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Ar na cláracha nua atá sa sceideal, tá dhá shraith úr ó na Doirí Beaga, chomh maith le gnáthchláracha samhradh Dhún na nGall.

Mar a chaitheimse an Domhnach atá ar shraith úr bheidh á léiriú ag Séamus Mac Géidigh a chraolfar Dé Domhnaigh 9.20 a.m. Go traidisiúnta, ba lá naofa a bhíodh sa Domhnach, lá scíthe, ach ní hamhlaidh atá i gcónaí na laethanta seo. Sa tsraith seo labh-

rann daoine faoin dóigh a gcaitheann siad féin an Domhnach. An nglacann siad scríste, an lá naofa atá ann dóibh, nó bhfuil rud faoi leith a dhéanann siad gach Domhnach? Ar na daoine a bheidh le cloisteáil ar an chlár bheidh Dinny McGinley, T.D., Donnchadh Ó Baoill ó Údarás na Gaeltachta agus an ceantálaí Éamon Mac Giolla Bhríde as Gaoth Dobhair.

Sa chlár Bhí sin ráite a bheidh le cloisteáil gach Máirt ag 1.30 p.m. caitear súil siar ar scéalta a tharla i dTír



Chonaill sna seachtóidí agus na hochtóidí agus staid ábhar na scéalta sin faoi láthair. Beidh uranium i mBaile na Finne, an gaeoideachas i mBéal Feirste, tréigean Inis Bó Finne, an t-atrúir atá tagtha ar Ghaeltacht Ros Goill le triocha bliain anuas agus triocha bliain d'Errigal Éisc ar chuid de na scéalta a bheidh faoi chaibidil ar an chlár.

Beidh Michelle Nic Grianna ar ais sa chathaoir do Bharrscéalta an tSamhraidh agus Dónall Mac Ruairí agus Aodh Mac Laifearthaigh ag léiriú an chlár. Coinneoidh siad éisteacht ar an eolas maidir le himeachtaí an tsamhraidh sa chontae, na féilte uilig, cé atá ar cuairt agus céard atá le déanamh' le linn na laethanta saoire. Beidh an clár á chraoladh ó Fhéile Mháire an Chlochán Léith agus Féile Leitir Ceanainn agus beidh cláracha chomh maith ó Oideas Gael i nGleann Cholm Cille, as Gartán, as Inis Bó Finne, as Baile na Finne agus Gleann Fhinne idir seo agus mí Mheán Fómhair.

Is é Dónall Mac Ruairí a chuirfidh an clár ceoil Binneas Béil i láthair sa samhradh as stiúideo Dhoirí Beaga. Bíonn babhtáil i gceist leis an chlár sin - seachtain amháin craoltar as Ciarraí é, an chéad sheachtain eile beidh sé ag teacht as Casla, agus ansin an chéad cheann eile is ó Dhoirí Beaga a thiocfaidh sé. Is é Dónall a bheidh ar na maidí nuair atá sé ag teacht as Tír Chonaill, agus is é 12 Iúil an chéad uair eile a bheidh sé sa chathaoir.

Tá gach eolas ar na cláracha le fáil ag www.rte.ie/rnag



Binneas Béil: Clár ceoil curtha i láthair ag Dónall Mac Ruairí ó stiúideo Dhoirí Beaga

Barrscéalta: Tá Michelle Nic Grianna ar ais sa chathaoir do Bharrscéalta an tSamhraidh



Bhí mé istigh i siopa leabhar inné, mé ag amharc ar stáinín leabhair a bhí comhgarach don doras nuair a bheir coirnéal mo shúil ar bhladhaire rua dhearg i lár na sráide. Cailín óg a bhí inti, í b'fhéidir tri no ceathair déag de bhlianta má bhí sin slán leithe. Moing de ghruaig rua ag séideadh siar uathí agus í ag seachtain is ag casadh anonn trasna na sráide idir na carranna.

'In ainm an fhir bhig' arsa mé fhéin 'an bhfuil splanc dá laghad céille ag an bhean sin'. Bhí sí leath bealigh anonn anois, an trácht ag gabhail ar achan taobh díthe agus an chuma uirthi nach raibh sí ag tabhairt aird siar air ach ag

Litir Chois Life

amharc 'na diaidh go scáfar mar bheadh rud inteacht sa tóir uirthi.

'Ta tuilleadh ag tarlú anseo' arsa mise liom fhéin 'ná mar is léir do dhuine ar a leathshúil'.

Shleamhnaigh mé amach go raibh mé go díreach faoi thairseach an dorais. Ni raibh mé iomlán istigh nó ach oiread le sin iomlán amuigh. Chuir mé mo shrón thart coirnéal ursain an dorais go bhfeicfinn caidé bhí ag cur as don ghirseach rua.

Ba léir domh anois sios píosa ar mo thaobh sá den tsráid beirt fhear. Stríbilín de stócach chaol ard a raibh a chuid éadaigh crochta anuas ar a cnámha fear acu. Bhí moll mór de ghruaig srang-

anach liath-bhreac anuas fad a ghuailléain air agus bun maith féasóige ghorm ar a smigéad.

Bhí a dhá sciathán sínte uaidh aige agus greim sceadamáin aige ar bhutáil beag de fhear a raibh blagaid ghlan air agus sruth fola lena ghaosán. Bhí an fear beag ag sníomh agus ag sleamhnú ar a shean dhícheall briseadh ar shiúil as greim an fhir mhóir.

Le sin fhéin ligeadh scread marfach thall ar an taobh thall den tsráid. Chuala mé miotal nocht ag screadfaidh ar mhíotal, bhí boladh láidir rubar ag dódh is toit ghorm san aer. Sheas dá raibh de dhaoine ar thaobh na sráide in ait na mbonn ach oiread dá

mbuailfí le splanc iad agus thiontaigh céad cloigeann í dtreo na sráide.

Bhí concerto de adharc-anna carr ag séideadh agus an trácht ag moilliú is ag stopadh í lár na sráide. Ni raibh an ghirseach rua le feiceáil agam.

Bhéarfainn mionna gur stad mo chroí sula ndeachaigh sé ag bualadh mar bheadh druma mór ann. Bhí m'anáil ar bharr mo ghoib agus m'intinn ina aimhréidh. Rinne mé scáth gréine de mo dhá lámh ar thaobhanna mo shúile gur léir domh í ag nochtadh slán, beo beithíoch thall ar an chosán coise os mo choinne. Rinne sí caol díreach ar dhoras fhoscailte thall agus sheas istigh sa choirnéal ag

glúcaíocht amach go faiteach.

Anois agus an chontúirt thart, thóg me mo shúil díthe agus dhírigh m'aird ar ais ar an bheirt aidhbhirseoir. Ni raibh siad san áit a bhfaca mé go deireanach iad. Ach an tsráid folamh, ach oiread is dá slogfadh an talamh iad.

Ansin chuala me an chaoineadh. Tháinig bean as doras siopa agus a dá lámh ar a cloigeann aici, is achan bhéic chaointe aisti a chluinfeadh míle ar shiúil. 'Mo mhála' ar sise idir snagaireacht an chaointe 'tá sé ar shiúl leofa'.

Oíche mhaith a dhaoine uaisle agus codlaí go sámh. Is mise le meas mór, Pádraig

Glac síntiús le

Goitse

12 eagrán seolta chugat sa phost ar €40

Tuilleadh eolais ar fáil ach ríomhphost a sheoladh chugainn ag goitsenuacht@gmail.com

Tá a cuid oibre féin ag baint leis an aimsir ghalánta ach is maith an cúiteamh uachtar reoite baile dár le Bee na mBuatais



Blag na mBuataisí

Ah, bhí aimsir galánta tirim againn ansin ar feadh tamaill bhreá, thaispeáin an ghrian aghaidh s'aicí cúpla uair fosta. Galánta ar dhóigh amháin ach anseo ar an fheirm bíonn níos mo oibre ag déanamh cinnte go mbíonn go leor uisce ag na hainmhithe uilig, gan a bheith caint ar na glasraí atá curtha. Cé go raibh an aimsir maith ní raibh mórán fás ann. Taobh amuigh tá na prátaí, cabáistí, oinniúin agus gairleog ag déanamh go maith, ach cosúil

leis na hainmhithe, tá obair ann ag déanamh cinnte go mbíonn uisce curtha orthu gach lá. Istigh sa tollán plaisteach tá rudaí ag fás go maith; tá a léir duilleoga salad, trátaí, piobair, raidisí, cúirséid, cúcamair agus puimcín imchnó ag fás. Tá muid ag ithe an oiread duilleoga sailéid go mbeidh muid ag fás cluasa coiníní gan mhoill.

Bhí muid iontach gnóthach ar an bharda máithreachais leis na muca, ón bhlag deireanach bhí cúigear banbh ag Rua, an



Uachtar reoite baile le rísíní, fanaile ... agus rum!

Ag an deireadh seachtaine rinne mé uachtar reoite leis an bainne, uachtar reoite le, rísíní, fanaile agus rum, caithfidh

mé a rá go raibh se iontach furast a dhéanamh agus níos fusa a ithe, seo an oideas ma ta tu féin ag iarraidh trial a bhaint as, thig leat bainne on t-siopa a úsáid agus muna bhfuil dúil agat in rum no rísíní fag amuigh iad agus dean an uachtar leis an vanilla amháin, seo an oideas.

Faigh shot amháin rum agus téigh

suas e in scilléad, na lig dó bhrúith, cuir isteach 75 gram de rísíní agus cuir as an teas, lig dó suí ansin agus fuarú.

Cuir 175 ml de bhainne (full fat) agus 175 ml de uachtar sa scilléad, scoilt pod fanaile agus cur na póranna isteach sa bainne agus uachtar, téigh suas e go dtí go bhfuil se chóir a bheith ar bhrúith, cur as an teas agus lig dó fuarú. In mbabhla greadtoir 4 buicócán ubh agus 75 gram siúcra, doirt isteach an bainne agus uachtar go mall ag greatóir i rith na hama go dtí go mbíonn gach rud meascailte le cheile go maith, cur an scilléad ar ais ar an teas agus téigh suas e ag meascú i rith na hama go dtí go mbíonn sé cosúil le custard.

Cur isteach i mbabhla e agus lig do fuarú. Cur isteach sa reoiteoir é agus ina dhiaidh cúpla uair an chloig tóg amach é agus measc gach rud go maith fá choinne aer a chuir isteach sa mheascán agus cuir isteach na rísíní ag an am seo. Isteach sa reoiteoir arís; i ndiaidh cúpla uair eile measc é go maith arís, isteach sa reoiteoir leis ar feadh cúpla uair eile, agus ansin beidh sé réidh le hithe, sin má tá a dhath fágtha.


Tá a fhios agam go bhfuil cuma dhoiligh ar an oideas seo agus go nglacann se go leor ama, ach le bheith fíréanta, nil se ar chor ar bith deacair; thig leat imeacht agus é a fhágáil fhad is atá an mascán istigh sa reoiteoir.



Tá na bainbh istigh sna stáblaí faoi láthair agus caitheann siad an lá ag rith thart sa chló.

mhuc Tamworth agus bhí naoi mbanbh ag Polly. Tá siad uilig istigh sna stáblaí faoi láthair mar tá siad ró-óg go fóill le bheith amuigh sa pháire bíonn siad amuigh sa chlos fríd an lá ag rith thart. Cé nach bhfuil mórán oibre leo, tá Polly agus Rua ag déanamh na hoibre uilig, caithfidh muid súil maith a choinneal orthu uilig le déanamh cinnte go mbíonn siad breá folláin agus ag ithe mar is ceart. Nuair a bhíonn siad thart fá ocht seachtainí d'aois beidh muid ag déanamh cinneadh ar cé hiaid na banbha a mbeidh muid ag coinneal fá choinne feola agus cé na rudaí a mbeidh muid ag díol.

Cé go raibh Oíche Fhéile Eoin againn tamall ó shin, ta sineadh maith sna laetha agus ciallaíonn sin go mbíonn muid amuigh go dtí mall sa lá, cha dtéann na cearca agus na lachain a luí go dtí chóir a bheith 11, agus caithfidh duine a bheith



Lón léitheoireachta: Tá cur síos scáfar i leabhar Jonathan Safran Foer ar uafás na n-ollfeirmeacha monarchan

thart i gconaí fá choinne iad a ghlásail istigh le déanamh cinnte nach mbíonn an t-uasal rua thart fá choinne KFC a thógáil ar shiúl on fheirm.

Tá mé ag léamh leabhair faoi láthair scríofa ag Jonathan Safran Foer, údar as Meiriceá,

den teideal *Eating Animals*. Sa leabhar seo labharann Safran Foer ar an dóigh a mbíonn ainmhithe tógtha sna Stáit Aontaithe fa choinne an tabla, caithfidh mé a rá nach bhfuil me ábalta ach cupla leathanach a léamh ag an am, mar tá na

scéalta sa leabhar seo iontach trom. Ta an t-ádh orainn anseo in Éirinn nach bhfuil a leithid de *factory farms* againn, ach ag an am ceanna is fiú leabharthaí mar seo a léamh chun taispeántú dúinn nach bhfuil áit ar bith sa tír seo nó sa domhan fa choinne an cineál 'feirm' seo.

Le cúpla seachtain anois tá me ag blí Heidi an gabhar, faoi láthair tá me ag fail dhá lítear go leith uaithe ach le ham tabharfaidh sí níos mo bainne dúinn, nuair ata na manainn ar shuíl o Fionuala an gabhar eile, beidh sise blite fosta, beidh me ag déim le thart fá seacht lítear bainne sa lá on dá ghabhar, agus ansin thig liom toiseacht mar is ceart ag déanamh an cháis chruaidh. Thosaigh muid ag déanamh cáis bhog ón bainne, ag cur chuid gairleog agus luibheanna, s'againn féin ann, iontach deas.

—Bee na mbuatais

Sna Réalta

An tUisceadóir

Eanáir 21 - Feabhra 19

Ar chaill tú bua na cainte le gairid? Tá do chomhrá dúránta ag éirí monotónach agus tá do chomradaithe uilig á chiapadh agat. Is mó an crá é seo, ar nós trup na vuvuzela. Réitigh seo nó bain as.



An tIasc

Feabhra 20 - Márta 20

Slogfaidh tú roinnt maith mion chuill nó míoltóga sna leatha amach anseo, a bhéaloscailigh. Gach seans nach dtabharfaidh tú iad faoi deara, áfach. Níl a fhios an bhfuil an réamheolas seo ina chuidiú agat, ach is sin a bhfuarthas ó na réalta.



An Reithe

Márta 21 - Aibreán 20

Ná gabh thusa a luí ró-luath ar an 26ú lá den mhí. Agus bí ag faire mar go gairid i ndiaidh leath i ndiaidh a haon tá sé i ndán duit rud iontach a thabhairt faoi deara...



An Tarbh

Aibreán 21 - Bealtaine 21

Tá tú ag éirí dubh dóite de leadrán an tsaol. Tá athrú uait. Ach caidé? Ná bí ag iarraidh athchóiriú ollmhór a dhéanamh. Díriú ar rudaí beaga, sin an cleas. Mar shampla, sa teach tábhairne, bain trial as deoch éigin eile seachas do ghnách-bhraon a ól.



An Cúpla

Bealtaine 22 - Meitheamh 21

Tá tusa ag conlú chugat féin ar na mallaibh. Dhéanfadh siúlóid ar an trá maitheas - ní fios caidé atá le haimeisín ann. Ar a laghad tá tréan gainimh ina dtig leat do cheann a sháighiú.



An Portán

Meitheamh 22 - Iúil 22

Cé nár chóir barraíocht béime a chur ar íomha an phearsa, is anois an t-am duitse bearradh gruaise a fháil. Nó culaith nua a chéannacht duit féin. Rud éigin galánta nó sainiúil. Dhéanfadh seo difear suntasach.



An Leon

Iúil 23 - Lúnasa 23

Ó lá lá, a Leoin, nach deas an tréimhse aoihbhnis drúisiúil atá romhat. Tá seo á insint faoi rún. Mar sin ba chóir duit an rómánsaíocht a choinneáil faoi cheilt. Ar ndóigh tá réasún leis seo.



An Mhaighdean

Lúnasa 24 - Meán Fómhair 22

An bhfuil tusa ag feitheamh ar chuir-eadh chuig cóisir ag trúth go mór le piosa den chraic? Agus ag éirí tuirseach traochta mar nach bhfuil iomrá air seo? Thiochfaidh leat do pháirtí féin a reáchtáil agus ar bhreith do bhéil féin.



An Mheá

Meán Fómhair 23 - Deir. Fómhair 23

Ní deas an rud é daoine a bheith ag cúlchaint fút. Faigh amach cé atá ag spréadh na raflaí agus cén fáth. Tabhair drochainm don mhadadh is caithfidh achán dhuine cloch leis.



An Scairp

Deireadh Fómhair 24 - Samhain 22

Bí curamach, a Scairp, ní bhfuighfidh tú ar shiúl leis mórán níos faide. Is maith mar eol duit féin caidé atá i gceist anseo. Tá daoine áirithe ag teacht aníos leat agus seans go nochtfar do chleasaíocht.



An Saighdeoir

Samhain 23 - Nollaig 21

Ní fanacht fada ar muin na muice muna bhfuil dialliat fút. Ach cén saghas amadáin a chuirfeadh a léithéid ar mhuc. Bí stuama i gcursaí airgid agus tabhair curam do do stór.



An Gabhar

Nollaig 22 - Eanáir 20

Seo am cuí duitse bheith achranach nó racánach. Ná bíodh scáth ná faitíos ort troid a thioseacht, óir de réir na gcomharthaí, beidh an bua agat sna cursaí úd. Ach ní mhaireann an-babhta rathúil i bhfad.



Trasna na dTonnta

Máirín Uí Fhearraigh

Bhí Seán Mór ag baint phrataí sa chuibhreann beag gainmheach ag barr na binne nuair a chuaigh an bád soir an bháire ag tarraingt ar Bhéal Oileán Bó.

Dhírih sé a dhroim agus thóg sé a bhairéad nuair a chonaic sé an bád ag dul thart leis an ghob.

Sheas sé tamall ag amharc ina diaidh agus ansin chrom sé ar an obair arís.

Sin teaghlach eile ar shiúl anois agus sin na paistí deireanacha ar shiúl, 'nach an baile a bheas uaigneach gan iad!' a duirt sé leis féin.

Ní raibh paistí aige féin agus a bhean Hanna, ach muna raibh féin bhí rud beag brú ag teacht air cinné a dhéanamh mar sin féin.

Bhí saol maith acu ar an oileán. Bhí se féin ag déanamh saothrú maith ar an talamh agus ar an fharraige agus bhí a bhean Hanna ag reachtáil Oifig an Phoist.

Bhí clú agus cáil ar Sheán mar iascaire agus b'iomáí séasúr maith bradán agus scadán a chuir sé isteach. Ní raibh anas ar bith orthu.

Bhí Seán maith ag an rámháochta fosta, bhí foireann láidir ar an oileán acu i gconaí agus b'iomáí bonn agus corn a bhain an foireann céanna.

Má choiníonn rudaí ag dul mar seo, ní beidh mórán de fhoireann ramháochta fagtha le cur chun farraige arsa Seán leis féin.

Suas go bliain o shoin, ba é an dúil ab fhaide siar ina choigeal é an toileán a fhágáil, ach anois agus teaghlach eile ag imeacht suas an caineál, tháinig an smaoineadh fríd a cheann.

Caíde a d'eireoidh daofasan má imíonn achan nduine eile?

Duirt sé leis féin go labharfadh sé le Hanna faoin ábhar seo nuair a rachadh sé



'Caíde a déarfás Hanna leis nuair a labharfadh sé leí faoin oileán a fhágáil?'

na bhaile.

Bhuaíl pian idir an dhá shlineán é. B'eigean dó seasamh suas arís agus a dhroim a dhiríú.

Don chéad uair ariamh, tháinig an smaoineadh fríd a cheann go raibh an aois

ag teacht air.

'A Dhia, cén áit a ndeachaigh na blianta, nach gasta a imíonn siad' arsa Seán leis féin.

Bhain sé preab eile, chraith sé an gás agus chaith na prataí isteach sa bhuicéid. Bhí sin ann, prataí ar doigh, agus ábhar dinnéara ar

achan ghás acu.

Nuair a bhí an bhuicéid lán, thóg sé í, chuir sé an spáid ar a ghualainn agus thug a aghaidh ar an bhaile.

Le croí trom, shiúl sé soir an cuibhreann ag tarraingt ar chosán na scolairí.

Shiúl sé leis go fadalach agus é ag meabhrú leis féin.

'Caíde a dearfás Hanna leis nuair a labharfadh sé leí faoin oileán a fhágáil?'

'Caíde an doigh a dtosaíodh sé a chaint ar an ábhar.'

'Ar smaoinigh Hanna í féin ar an ábhar ariamh?'

Ní bheadh sé abad go mbeadh a fhios aige caíde a shíl si. Tháinig meangadh gáire ar a aghaidh.

Cha raibh Hanna faiteach agus ní bheadh sí abad ag inse do caíde a shíl sí.

Ní raibh abad go bhain sé an baile amach.

Bhí sé ag baint do an dara buatais taobh amuigh don doras leath oscailte nuair a chonaic sé an cupa briste agus an tae doirte anuas an turlar.

Bheir rud eigin ar a chroí. D'fhoscail se isteach an doras.

Ba ansin a chonaic sé Hanna.

I ina súí ina cathaoir fein cois na tine.

A ceann caite go hamscaí ar thaobh amháin agus dath gorm ar a haghaidh.

Bhí a fhios aige sular shroich sé í go raibh sí marbh. D'inis a chroí do.

Chur sé a mhear ar chaol a láimhe, ní raibh cuisle ar bith ann, ní raibh sé ag dreim go mbeadh.

Chuaigh sé ar a leathghluain ag a taobh agus dúirt sé gníomh dolais isteach ina cluais.

Ní bheadh a fhios aige a choiche caíde a shíl Hanna!

Caithfeadh sé an cinné a dhéanamh é féin anois.

Nach miltineach an doigh ar athraigh á shaol ó d'fhág sé an baile uair ó shin!

Ag fágáil Ghabhla

Nuair a mhúscaíl mé,
Bhí gleo sa teach,
Bhí mó theaghlach,
Agus na comharsain,
Isteach 's amach.

Tógadh na plátaí móra,
Anuas ón driosúir,
Tógadh na pictiúirí naofa,
Anuas óna ballaí.

Cuireadh páipéar donn,
Thart ar na cupaí,
Cuireadh sceanna 's
spunógaí,
Isteach i mboscaí.

Tógadh na leapacha,
Agus an tábla,
Amach as an teach,
Thóg na comharsain iad,
Suas ar a' charr.

Leapacha,
Cathaoireacha,
Cófraí,
Trunca donn,
An t-asal aníos 's síos,
Go cé Phort a' Chruinn.

Tine mharbh,
Teach folamh,
Doras glasáilte,
Cróithe briste.

-Máirín Jimí



at Oola Island, Co. Donegal.

Scéalta agus amhráin Sheáin Bháin le seoladh i Rann na Feirste

Dé Sathairn, 26 Meitheamh, sheol Róise Ní Bhaoill as Rann na Feirste leabhar úr darb ainm *Bhí an choirn á caitheamh i gCúirt Teamhrach... Seán Bán Mac Grianna: Scéalta agus Amhráin*, a chuir an Dr Seán Mac Corraídh in eagar.

Seoladh an leabhair de chéad uair i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste, baile dúchais an eagarthóra agus beifear ag déanamh socruithe gan mhoill lena sheoladh thíos i Rann na Feirste chomh maith. Scéalta gairide greannmhara

is mó atá sa leabhar ach tá scéal fada fiannaíochta, mar atá, Tóráíocht Dhiarmada agus Ghráinne, seanamhráin agus amhráin a chum Seán Bán Mac Grianna le léamh agus le cluinstitín ann fosta.

Baill de chuid Chumann Chluain Ard a thóg an t-ábhar an chéad lá riamh sna 1960í ar spólaí agus beidh sé uilig ar fáil ar dhá CD a thig i gcuideachta an leabhair.

Dúirt an Dr Mac Corraídh go raibh 'an t-ábhar dírithe orthu sin nach raibh deis acu riamh

ar a leithéid de líofacht chainte, de rithimíúlacht urlabhra, de chruinneas Gaeilge ná de shaibhreas teanga a chluinstin mar atá le sonrú go láidir ar an chnuasach seo. Nuair a sheolfas muid an leabhar beidh daoine ansin le bheith ag caint ar an aithne a bhí acu air, le bheith ag aithris cuid den fhilíocht a chum Seán Bán, macasamhail Faoiside Sheanbháid agus le bheith ag ceol cuid de na hamhráin a chum sé.

Coiscéim atá ag foilsiú an leabhair.



Seán Bán Mac Grianna

Comhairle úr ainmnithe ag Raidió na Gaeltachta

Tá triúr a bhfuil nasc acu leis an cheantar seo ainmnithe ar Chomhairle úr Raidió na Gaeltachta a fógraíodh an tseachtain seo.

Tá Anna Ní Ghallchóir, as Árann Mhór ó dhúchas agus atá ina stiúrthóir ar Ionad na dTeangacha in Ollscoil na hÉireann Má Nuad, ina cathaoirleach ar an Chomhairle úr.

Tá Éamonn Mac Niallais, Riarthóir Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,

Gaoth Dobhair ceaptha ar an Chomhairle fosta agus tá Maighréad Uí Mháirtín, a bhfuil teach saoire aici i Mín Doire Dhamh agus atá ina oideachasóir as Contae Thír Eoghain ina ball den Chomhairle chomh maith.

Feidhmeoidh Comhairle RTÉ Raidió na Gaeltachta ar feadh téarma 3 bliana, agus í ag cur comhairle ar Bhord RTÉ maidir le polasáí craoltóir-

eachta Raidió na Gaeltachta.

Seo a leanas na baill eile: Lorcán Ó Cinnéide, Príomhfheidhmeánach Táirgeoirí Éisc na hÉireann, Co Chiarraí

Alan Ó Maoldúin, Bainisteoir Cumarsáide, Chumann Lúthchleas Gael, Baile Átha Cliath.

Seán Ó Sé, Iar-Uachtarán ar Oireachtas na Gaeilge, Corcaigh
Seán Mac Donncha, Gníomhaí

Pobail agus Óige, An Cheathrú Rua Áine Ní Chiaráin, Craoltóir agus Iriseoir, Co. Mhaigh Eo

Beidh ionadaí foirne le ceapadh ar an gComhairle chomh maith, agus beidh toghchán á réachtáil leis an ionadaí sin a roghnú.

Chuir Ceannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta, Edel Ní Chuireáin, fáilte roimh cheapadh na Comhairle nua:

"Fáiltím go mór roimh an Chomh-

airle úr. Seo tréimhse thar a bheith cinniúnach ó thaobh na Gaeltachta agus cúrsaí craolacháin de agus polasáí fadthéarmach i leith na Gaeilge á phlé ag an rialtas faoi láthair. Tá mé ag súil le bheith ag obair leis an Chathaoirleach, Anna Ní Ghallchóir, agus baill uile na Comhairle chun leasa na seirbhíse."

Beidh an chéad chruinniú den Chomhairle nua ann i mí Mheán Fómhair.

www.UDAR.ie
www.4póilí.com
www.cuplaPocáil.ie
www.Litríocht.com

Seán Mac Aindriú

Seán Ua Cearnaigh

www.COISCÉIM.ie

LÉITHEOIREACHT SAN
TEORAINN

LEABHAIR NA nGAEILGE

AG TACÚ LE SNÓ GAELISE

Gabhán Ó Fachtna

Litir chuig an Eagarthóir

goitsenuacht@gmail.com

Och, och, mo mhadadh beag

A Eagarthóir, a chara, Bím ag siúl le mo mhadadh ar an trá ar an Charraig Fhinn le dhá bhliain anuas, 52 seachtain sa bhliain, trí huair sa tseachtain ar a laghad. Tá sé go maith don mhadadh, agus go maith dom féin fosta.

Déanann muid achan rud mar is ceart, i mo bharúil.

Fanann muid amach ó scaifí daoine agus nuair atá scaifte thart, bíonn an madadh ar an "lead" agam. Bíonn mála plaisteach liom ar eagla go mbíonn "timpiste" aici.

Bhí iontas orm, mar sin nuair a bhí an madadh ag súgradh san fharrage, gur tháinig bean óg agus éideadh garda tarrthála uirthi agus

d'inis dom go gcaithfinn an madadh a choinneáil ar an lead.

Ní raibh aon duine thart orainn agus ní raibh sí ag déanamh dochair ar chor ar bith do rud ar bith.

Mhínigh sí dom go raibh rialacha úra i bhfeidhm anois agus nach raibh cead ar mhadadh ar bith bheith

saor ar an trá.

Tuigim go raibh an bhean seo ag déanamh a jab, ach cén t-amadán a chuir riail mar sin fríd an Chomhairle?

Is mise

Och och mo mhadadh beag (Ainm agus seoladh leis an Eagarthóir)

Cuireann Goitse fáilte roimh chomhfhreagras ag an seoladh riomhphoist goitsenuacht@gmail.com



Uafás ar an Fhál Charrach: Cuid den lucht féachana ag an oíche a heagraíodh ar son Háití ar na mallaibh.

Focla Mhicí



Bíonn Micí Whiting Mac Aodha ina aoi rialta ar an chláir Rónán beo@3 ar Raidió na Gaeltachta. Tá muid buíoch do Mhicí, do Rónán agus do fhoireann Raidió na Gaeltachta as cead na focla seo a chur i gcló.

Galar scaith: Olainn ag titim de chaoraí

Galar brean: Imíonn an olainn uilig den chaora.

Galar cleiteach: a thig ar na cearca... imíonn cuid mhór den chluimhreach daofa.

Cliobóg: beitheach óg, tá sí ina searrach go bhfuil sí dhá bhliain, agus ina cliobóg

Conbhuidh: an áit a mbeifeá i ndiadh páirc coirce a bhaint... iontach géar, nimhneach ar na cosa

Eas: waterfall

Muirbheach: áit cois cladaigh atá iontach íseal

Aiféiseach: giota eile a bheith curtha le scéal

Géis: eala bhaineann

Agóideach: duine nach n-aontaíonn le duine ar bith

Cneamhair: horsefly - bíonn siad ag diúl fola

Aileagáin: v aileagáin de dhuine... duine atá ar bharr na gaoithe, cha dtiocfadh leat brath air

Amhlánta: duine iontach trodachagressive

Seitreach: an chanúint atá ag an bheitheach

Scimleadh: ag scimleadh leis an ocra... ag slabhrú leis an ocra

Tordán: cruach bheag nach mbeadh iontach mór... tordán cocháin

Dual: rópa a bhfuil naoi ndual ann... dual- strand

Gearrán: beitheach fireann... spoichte...



An cneamhair

Féile Ghabhla 2010

Dé Sathairn 24 Iúil

- 12.00 Taispeántas Seanphictiúir/ Ealaíon le hEalaíontóirí Ghabhla
- 2.00 Taispeántas Scannáin bainteach le Gabhla
- 3.00 Ceardlann Grianghrafadóireachta le Club Ceamara Amharclann Ghaoth Dobhair

Dé Domhnaigh 25 Iúil

- 12.00 Oscailt Oifigiúil
- 12.30 Siúlóid Stairiúil le treoraí
- 2.30 Ceardlann Péinteála
- 3.00 Aifreann na Féile - Beidh Garda Cóta an Bhun Bhig ar an láthair
- 4.00 Seoladh Aisling Ghabhla - piosa ealaíona cruthaithe ag triúr ealaíontóirí as Gabhla
- 5.00 Taispeántas Rámhaíochta le Cumann Curach Ghaoth Dobhair
- 6.00 Seisiún Ceoil

Eolas:
COISTE FORBARTHA GHABHLA
086 7979336 nó
087 4134244



Bus Uí Ghallchóir Patrick Gallagher Coaches

Seirbhís laethúil Idir Anagaire agus Béal Feirste




info@gallagherscoaches.com
00353 (0)74 9531107
00353 (0) 87 2330888 / 2245848
Fax: 00353 (0)74 9532873

www.gallagherscoaches.com

Glac fógra le Goitse

Rátaí fograíochta an-réasúnta ar fáil ach teagmháil a dhéanamh linn ag goitsenuacht@gmail.com

Tacaigh le do nuachtán áitiúil!



Grianghraif ón bhailúcháin staire áitiúil atá lke feiceáil mar chuid de thaispeántas sa Chrannóg i nGaoth Dobhair. Eolas: Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ag (074) 9532208.

Seomra Staire agus Seanchais

Beidh an Seomra Staire ins an Chrannóg oscailte gach lá ó Luan go hAoine ón 9-5 (agus ag amanna eile ach coinne a dhéanamh roimhré). Tá cuid mhór ábhar stairiúil, seanphictiúir, sean-irisí agus nuachtáin, chomh maith le cnuasach mhór de leabhair Ghaeilge agus leabhair thagartha a bhfuil baint acu le Gaoth Dobhair agus le Co Dhún na nGall. Tá an t-ábhar iontach úsáideach do mhic léinn agus lucht taighde agus suimiúil d'achan duine. Níl cead an t-ábhar a thógáil amach as an

tseomra, ach tá fáilte cóipeanna a dhéanamh. Is áis luachmhar é seo don phobal – bain úsáid as! Tuilleadh eolais ar fáil ó Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ag (074) 9532208.

Spásanna le ligean ar Cíos

Tá roinnt spásanna d'achair éagsúla le ligean ar cíos in ionad an Chomharchumainn (An Chrannóg) i Srath na Corcra. Beidh tús áite a thabhairt do ghnónna nó tograí a fheidhmiú i nGaeilge nó atá teanga bhunaithe. Is féidir fiosrúcháin a

dhéanamh trí scairt a chur ar Chathal ag (074) 9532208.

Ranganna sa Chrannóg

- Dé Luain: Rang Giotár 5.30 – 6.30 & 6.30 – 7.30 Rang Fídl 6.30 – 7.30
- Dé Máirt: Bunrang Gaeilge 7i.n. – 8i.n.
- Dé Céadaoin: Rang Mandolin 5.30 – 6.30 Rang Bosca Ceoil 5.30 – 6.30 Rang Concertina 6.30 – 7.30
- Déardaoin: Rang Feadóig 5.30 – 6.30

Tuismitheoirí agus tachtáin

Grúpa Tuismitheoirí agus Tachtáin sa Chrannóg maidin Déardaoin 10.00n. – 11.30n. Tuilleadh eolais: 074 95 32208

Más mian leat poiblíocht a fháil d'imeacht pobail cuir scéal chuig Goitse ag goitsenuacht@gmail.com.

AN BHFUIL TUSA I MEASC AN 93% DEN PHOBAL ATÁ AR SON CHAOMHNÚ NÓ CHUR CHUN CINN NA GAEILGE?*

Is cinnte go bhfuil tú i measc breis agus 41% den phobal a bhfuil cumas réasúnta Gaeilge, ar a laghad, acu. Ach an bhfuil tú i measc an triúir as gach cúigear acu sin le Gaeilge nach n-úsáideann riamh í? Tá bearna mhór idir cumas Gaeilge an phobail agus an úsáid a bhaintear aisti. Ach tá deiseanna nua á bhforbairt i rith an ama leis an teanga a úsáid agus tú i mbun gnóthai le heagraíochtaí stáit atá faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla.

- CUMARSÁID I SCRÍBHINN • FIANAISE OS COMHAIR CÚIRTE • MÓTARCHÁIN • PAS TAISTIL • BILLE LEICTREACHAIS
- BILLE GÁIS • SEIRBHÍSÍ CÁIN IONCAIM • CEADÚNAS TIOMÁNA • RÍOMHPHOST • STÁISEANÓIREACTH • BILEOGA
- COMHARTHAÍ POIBLÍ • FOILSEACHÁIN • CORA POIST • SUÍOMH GRÉASÁIN • BRÓISIÚIR • CÁRTA ÁRACHAS SLÁINTE

IS CEART DUIT ÚSÁID A BHAIN AS DO CHUMAS GAEILGE

An Coimisinéir Teanga | An Spidéal | Co. na Gaillimhe | Glao Áitiúil: 1890-504 006
eolas@coimisineir.ie | www.coimisineir.ie

Ag cosaint cearta teanga



*An Ghaeilge agus Muintir na hÉireann (Mac Gréil & Rhatigan 2009)

Goitse

Faillseofar an chéad eagrán eile de Ghoitse ag deireadh mhí Lúnasa.



Ar mhaith leat sintiús a ghlacadh le Goitse? Seal ríomhphost chuig goitsenuacht@gmail.com agus cuirfean an t-eolas ar fad chugat.

Goitse

Ar fáil ó do shiopa áitiúil

Spórt

goitsenuacht@gmail.com

Ceisteanna deacra le freagairt ag Bord na Contae

Tá deireadh le cluichí Chraobh na hÉireann ag foireann sinsireach Dhún na nGall i mbliana arís.

Ag tús na bliana, bhí rudaí ag amharc go maith. Bhain siad Corn McKenna don dara bliain i ndiaidh a chéile agus rinne siad go measartha sa tSraith Náisiúnta.

Ach bhí na comharthaí ann go raibh géarchéim sa scuid go luath sa bhliain fosta.

Nuair a bhí stúle achan duine ar an fhoireann Faoi 21, is cosúil gur chreid muid uilig go mbeadh buanna ag an fhoireann sinsireach fosta. Agus má chaill siad, go ndéanfadh siad a ndícheall.

Ní mar sin a bhí, áfach.

Bualadh go trom iad an tseachtain

seo a chuaigh thart ag foireann Ard Mhacha nach bhfuil ach go measartha ina dtéarmaí féin.

Ba é an rud aba mhó a chuir iontas ar dhaoine na an easpa spioraid a bhí san fhoireann.

Anois, tá an bainisteoir, John Joe Doherty, ar shiúl agus, de réir cosúlachta, tá Kevin Cassidy, caiftín na foirne, i ndiaidh éirí as bheith ag imirt don chontae.

Cá háit a bhfágann sé sin an pheil Ghaelach sa chontae seo?

Níl ceist ar bith ann ach go gcaithfear obair mhór a chur isteach ann sa bhliain atá romhainn ag cá bith bainisteoir a roghnaíonn Bord na Contae. Ní fiú bheith ag tuairimíocht ar cé a gheobhaidh an jab sin.

Bhí barraíocht den chineál sin sna páipéirí nuachta síos fríd na blianta.

Tá cuid mhór de na tráchtairí ag cur an loicht ar an bhainisteoir agus ní fiú mórán sin ach an oiread.

Ní raibh seisean ar an pháirc i gCros Mhíic Linnáin. Bhí na himreoirí.

Déarfaidh daoine nár spreag sé iad, ach caidé an spreagadh ata de dhith ar imreoirí nuair atá a fhios acu go n-imieoidh siad as an Chraobh má chailleann siad cluiche?

Bhí imreoirí maithe ar an pháirc ag Dún na nGall, Niall Mac Aoidh agus Barry Dunnion ina measc, ach bhí rud inteacht ar iarraidh fosta. Níor imir an fhoireann mar fhoireann agus ní raibh a sáith troda iontu. Caithfear cuid de na himreoirí óga



Ar shiúl: John Joe Doherty



Éirithe as: Kevin Cassidy

a ullmhú go maith don fhoireann sinsireach agus caithfidh na clubanna díriú isteach ar stíl níos oscailte imeartha a chleachtadh, mar tá sé soiléir go raibh an fhoireann ag deireadh na seachtaine seo a chuaigh thart iontach teoranta. Tá an pas goirid láimhe maith mar teactic ach ní bhainfidh foireann ar bith cluichí móra tábhachtacha leis sin amháin.

Agus ní athróidh imreoirí a stíl imeartha thar oíche nuair a roghnaítear iad don fhoireann contae.

Beidh cruinniú de Bhord na contae ann Dé Luain 5 Iúil agus déanfaidh siad plé ar na rudaí seo agus ar an bhealach is fearr le bainisteoir úr a cheapadh. Guímid gach rath orthu.

Cuma mhaith ar imreoirí Ghleann Átha Aontaithe

Bhronn Cordelia Nic Fhearraigh, iarimreoir le Cumann Sacair Ghleann Átha Aontaithe, éideadh úr sacair ar fhoireann Faoi-14bl Ghleann Átha Aontaithe ar an Luan 7 Meitheamh. Chruinnigh sí 400 dearbháin ón Irish Daily Mail i mí Eanáir agus Feabhra i mbliana nuair a bhí feachtas ar siúl acu do chumainn spóirt/scoltacha na tíre. Gabhann an Cumann buíochas leis an Irish Daily Mail, Azzurri Sport agus Elverys Sports. Buíochas mór fosta do Cordelia as an obair uilig a dhéanamh.



Cordelia Nic Fhearraigh, ceathrar imreoirí óga ó Ghleann Átha Aontaithe (agus an éideadh úr orthu) agus Nigel Ó Fearraigh, traenálaí leis an chumann.

Seol do scéalta spórt agus grianghraif chuig goitsenuacht@gmail.com

CABARET

CRAICEÁILTE



GACH EOLAS AR FÁIL Ó WWW.CRAICEAILTE.COM